# Cruthanna agus Teisiliú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha, línte agus uillinneacha<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht<br>• Réasúnaíocht - hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil, déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ainmneacha ar chruthanna 2T, teisiligh, patrún, líne shiméadrachta, leathrialta, comhthreomhar, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, fiar, línte, uillinneacha, géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn, uillinn athfhillteach, rialta, neamhrialta, polagán, rinne, imlíne, spás, faobhar, cothrom, toise |
| **Áiseanna** | íomhánna de phatrúin theisilithe, cruthanna 2T, Uirlis Sórtála Mol Mata, ceamara, ábhair ealaíne |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin íomhánna de phatrúin theisilithe rialta, amhail clár fichille nó patrúin eile do na daltaí, agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfeiceann siad. Iarr orthu tráchtanna/tuairimí ar na méideanna agus ar na toisí de na cruthanna, agus ar an gcaoi a dtéann siad le chéile a chur in iúl. Tabhair an téarma teisiliú isteach agus mínigh an chiall atá leis. Ansin, sainaithníonn daltaí patrúin theisilthe ina dtimpeallacht agus tarraingíonn nó tógann siad grianghraif chun iad a thaifeadadh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Agus láimhseoga praiticiúla ó Uirlis Sórtála Mol Mata in úsáid acu, fiosraíonn na daltaí agus déanann siad taifead ar na cruthanna a theisilíonn. Is féidir leo an Uirlis Sórtála a úsáid chun cruthanna a shórtáil, iad siúd a theisilíonn agus iad siúd nach dteisilíonn. Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar na hairíonna atá ag na cruthanna ionas go bhfuil siad ábalta teisiliú. Fiafraigh díobh an bhfuil slí thapa ann chun na cruthanna atá ábalta teisiliú agus iad siúd nach bhfuil ábalta a shainaithint.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeáin sampla de theisiliú leathrialta do na daltaí ina bhfuil dhá chruth éagsúla, mar shampla ochtagán agus cearnóg. Iarr orthu an timpeallacht a fhiosrú chun níos mó de na patrúin seo a shainaithint agus a thaifeadadh. Iarr orthu cé acu péire cruthanna a theisilíonn lena chéile agus na cúiseanna taobh thiar de a fhiosrú. Is féidir é seo a dhéanamh ag úsáid láimhseoga praiticiúla nó cruthanna ó Uirlis Sórtála Mol Mata.

### 4 Gníomhaíocht 4

Fiosraigh litreacha na haibítre atá ábalta teisiliú go rialta agus go leathrialta. Is féidir litreacha maighnéadacha, gearrthóga de litreacha ar chairtchlár, nó litreacha ó phacáiste ar líne a úsáid chun an rud seo a dhéanamh. Is féidir grianghraif a thógáil nó a tharraingt chun na rudaí seo a thaifeadadh.

### 5 Gníomhaíocht 5

Dearann daltaí a gcuid patrún teisilithe ag úsáid ábhair ealaíne nó láimhseoga ar líne, cosúil leo siúd san Uirlis Sórtála Mol Mata. Má úsáideann siad ábhair phraiticiúla is féidir leo a gcuid patrún a ghearradh amach agus puzal a chruthú, puzal a réiteoidh a gcomhscoláire trí na píosaí a chur ar ais le chéile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Ainmnigh roinnt cruthanna 2T atá/nach bhfuil ábalta teisiliú.<br>• Cad iad na línte agus uillinneacha atá le feiceáil i do phatrún? | • Cad atá i gceist le patrún teisilithe?<br>• Conas atá a fhios agat má tá cruthanna faoi leith ábalta teisiliú agus cruthanna eile nach bhfuil ábalta?<br>• Déan cur síos ar an gcaoi a dteisilíonn cruth x.<br>• Cén fáth a dteisilíonn roinnt cruthanna agus nach dteisilíonn cruthanna eile?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na cruthanna/na hábhair seo do do phatrún? |

## Difreáil

Socraigh raon na gcruthanna agus an leibhéal tacaíochta de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.